

An Bord Iniúcháireachta

Cruinniú an 27 Feabhra 2020 – miontuairiscí comhaontaithe

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúcháireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúcháireachta
Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

1. Glacadh leis an gclár oibre

Glacadh leis an dréachtchlár oibre mar a scaipeadh é.

2. Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara

Níor tuairiscíodh aon choinbhleacht leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe agus na nithe a d'éirigh as

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 16 Nollaig 2021 roimhe sin agus, dá bhrí sin, thug an Bord faoi deara iad.

4. Rioscaí atá ag teacht chun cinn

Thug an Bord faoi deara an riosca do leanúnachas gnó le linn thréimhse na paidéime, rud a taifeadadh ar chlár rioscaí na hOifige. Luaigh an Leas-Stiúrthóir go raibh plan leanúnachas gnó le scaipeadh ar an lá sin ar gach ball foirne lenar bhain. Gheall an Rúnaí ríomhphost a sheoladh chuig gach ball foirne á rá gur cheart don fhoireann an chomhairle leighis ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an chomhairle taistil ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a leanúint, mar iarrfar ar na baill foirne chuí a tháinig i ndlúth-theagmháil le duine a raibh coróinvíreas air nó uirthi nó ar diagnóisíodh go bhfuil coróinvíris orthu, nó ar na daoine sin a bhfuil leochaileachtaí ar leith acu, teagmháil a dhéanamh lena Leas-Stiúrthóir líne. Déanfar teagmháil leis na baill foirne uile trí úsáid a bhaint as córas foláirimh téacs SMS na hOifige agus freisin trí ríomhphost chun iad siúd nach bhfuil cláraithe fós leis an tseirbhís a chumhdach.

5. Gníomhartha an Bhoird Iniúcháireachta (Páipéar 1)

Rinneadh stádas gníomhaíochta an Bhoird Iniúcháireachta ar an ngníomh maidir le bunachar sonraí achoimrí reachtacha a athrú chun dáta d'fhonn go mbeadh bunachar sonraí curtha le chéile ann faoi dheireadh mhí an Mhárta 2020. D'iarr an Bord go ndéanfaí machnamh ar an mbunachar shonraí a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na hOifige.

Glac an Bord leis an mbeart maidir le treoidhoiciméid a fhorbairt do chonraitheoirí iniúchóireachta airgeadais a chur ar fionraí go dtí go bhfógrófaí treoir nua ón Ríocht Aontaithe maidir le comhlachtaí earnála poiblí a iniúchadh.

6. An clár tuairiscithe

Thug an Bord faoi deara stádas na míreanna sin den chlár tuairiscithe lena bhfuil formhór na gcaibidlí ag an gcéim iarscópála acu. Thug an bord faoi deara go bhféadfadh go mbainfeadh an tuairisciú leas as cruinnithe grúpa leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le forbairt na gcaibidlí agus na saincheisteanna ag an gcéim seo chun an t-ualach a bhaineann leis an tabhairt chun críche a laghdú níos déanaí sa bhliain. Thug an Bord faoi deara freisin imeacht léargais iniúchóireachta ar an tsamhail aibíochta bainistíochta airgeadais atá le cur i láthair i mí Aibreáin 2020 agus go raibh seoladh an leathanaigh léargais iniúchóireachta ar shuíomh Gréasáin na hOifige ar feitheamh. Chomhaontaigh an bord gur cheart na forbairtí sin, a tháinig chun cinn ar dtús as tuarascáil ar leith, a lua i dtuarascáil feidhmíochta na hOifige.

7. An clár iniúchóireachta airgeadais

Thug an Bord faoi deara go raibh trí cinn de na naoi n-iniúchadh a bhí neamhdheimhnithe ag deireadh na bliana 2019 imréitithe anois agus gur síníodh ceithre cinn eile. Ní raibh an dá iniúchadh eile, ar chuntais iad don bhliain dar críoch 2017 agus 2018 don aon eintiteas amháin, ullamh le haghaidh iniúchadh. Thug an Bord faoi deara gurbh é an chúis ba mhó lena leithéid ná gur scoir an t-eintiteas de agus, i gcás go raibh sé beartaithe scor de, gur cheart ‘foráil éagtha’ chuí a bheith i bhfeidhm. Ba cheart do ranna maoirseachta a scrúdú an raibh an fhoráil éagtha inoibrithe sular tháinig deireadh leis an gcomhlacht ionas go bhféadfaí na cuntais deiridh a ullmhú i gceart agus a chur faoi bhráid le haghaidh iniúchadh deiridh ar an eintiteas. Chinn an Bord gur cheart an scrúdú seo ar scor an eintitis de a chur san áireamh mar chuid ar leith den chéad tuarascáil bhliantúil tráthúlachta eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar atá *‘Tuairisciú Airgeadais Earnála Poiblí don bhliain 2018’*.

Phléigh an Bord an moladh a cheadaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh babhta luath de dheimhniú vótaí. D’iarr an Bord cruinniú a eagrú leo sin atá freagrach as na vótaí a chur in eagar agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun an teimpléad a phlé. D’iarr an Bord nóta athbhreithnithe ar dheimhniú agus foilsíú Vótaí, agus béim ar leith á leagan ar na roghanna héifeachtúlachta. Ba cheart scrúdú a dhéanamh sa pháipéar ar an gcreat reachtach mar a bhaineann sé leis na vótaí agus ar conas a d’fhéadfaí an creat a athrú chun ceangal a chur ar na ranna a gcuid cuntas féin a fhoilsiú. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar bhabhta eile luathdheimhniúcháin a chur ar siúl faoi dheireadh mhí Iúil. Cheadaigh an Bord an moladh go n-aistreofaí teimpléad an vóta go Gaeilge chomh luath agus a bheadh an teimpléad ceadaithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an teimpléad sin, mar aon le gluais na dtéarmaí i nGaeilge, a chur ar fáil do na ranna. Mhol an Bord athbhreithneoir cáilíochta a fhostú cosúil leis an bpróiseas a cuireadh i bhfeidhm don rannóg tuairiscithe anuraidh. Ba cheart catagóir OIS um shochar ar an obair a chur i

bhfeidhm maidir leis an am a chaitear ar aistriúchán go Gaeilge le haghaidh thuairisciú agus fhoilsiú na vótaí a ghabháil.

Phléigh an Bord freisin an moladh ón Rúnaí go méadófaí an tarmligean teorainneacha clabhsúir suas go láimhdeachas €100 milliún i gcás Stiúrthóirí agus go €25 mhilliún i gcás Leas-Stiúrthóirí. Thug an Bord faoi deara gur bhain an tarmligean ar dtús le €25 mhilliún i gcás Stiúrthóirí. Méadaíodh é sin go €50 milliún agus ansin leathnaíodh é chuig Leas-Stiúrthóirí (le tairseach €5 mhilliún). De réir dlí, ní fhéadfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste deimhniú na gcuntas vótáilte ná clabhsúr a chur leis na tuarascálacha a tharmligean agus, mar sin, ní fhéadfar ach deimhniú an iniúchta airgeadais ar airgead neamhvótáilte a bhreithniú lena tharmligean. Tá dearbhú faighte ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an bpróiseas tarmligthe trína scrúdú bliantúil ar shampla de chomhaid iniúchta ar cuireadh clabhsúr tarmligthe leo sa bhliain roimhe. Ar an mbonn sin, chomhaontaigh an Bord go leathnófaí údarás tarmligthe a thuilleadh chuig Stiúrthóirí agus Leas-Stiúrthóirí. D'iarr an Bord nóta faisnéise ar an bpróiseas tarmligin i ndlínsí eile a fheidhmíonn faoi réir shamhail Westminster um iniúcháireacht náisiúnta.

8. Iniúchtaí nua/deiridh (Páipéar 2)

Thug an bord an méid seo a leanas ar a aird:

- Beidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina iniúcháir ar Chomhairle na mBreithiúna, eintiteas nua a bunaíodh le déanaí. Cumhdófar leis an gcéad sraith ráiteas airgeadais an tréimhse ón 16 Nollaig 2019 go dtí an 31 Nollaig 2020. Rachaidh an Leas-Stiúrthóir atá freagrach as iniúchadh na Roinne Dlí agus Cirt i dteagmháil leis an gcomhlacht nuabhunaithe sin maidir leis an gcéad iniúchadh.
- Ní dheachaigh an reachtaíocht chun Gníomhaireacht um Fhorbairt Talún a bhunú ar aghaidh mar a measadh agus, dá bhrí sin, ní dócha go gcuirfear cuntais na bliana dar críoch 2019 i láthair dá bharr lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Deimhníodh cuntas deiridh Choláiste Oideachais Eaglais na hÉireann.

Thug an Bord faoi deara gurb amhlaidh, cé go raibh treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an athrú ar an ngrúpáil maidir leis an mbainistíocht cuntasaíochta le haghaidh na gcuntas leithreasa, nach raibh an Bord ar an eolas faoi aon treoir maidir le comhlachtaí eile rialtais a bhunú nó a athrú. Cuirtear 'seicliosta cliant nua' ar áireamh i lámhleabhar iniúcháireachta airgeadais. Ba cheart an seicliosta sin a athbhreithniú.

9. Iniúchtaí beartaithe le haghaidh athbhreithniú práinneach (Páipéar 3)

Cheadaigh an Bord na hiniúchtaí a moladh le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta, faoi réir dhá iniúchadh de chuid na bliana 2020 a mhalartú le dhá cheann de chuid na bliana 2021. D'iarr an Bord go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpróiseas sainaitheanta iniúchtaí le haghaidh Athbhreithniú Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta chun rátáil riosca na n-iniúchtaí atá i bhfeidhm san Oifig faoi láthair agus uainiú na n-

athbhreithnithe a chur san áireamh. Chomhaontaigh an Bord go scrúdóidh sé an moladh leasaithe le haghaidh Athbhreithnithe Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta ag an gcéad chruinniú eile den Bhord i mí na Bealtaine chun cohórt Athbhreithnithe Rialú Cáilíochta Rannpháirtíochta na bliana 2021 a phleanáil i lár na bliana 2020.

10. An dul chun cinn ar an Straitéis 2016-2020 (Páipéar 4)

Cuireadh leagan leasaithe de pháipéar 4 i láthair, agus rinneadh an stádas mar a léiríodh a bhreithniú agus a thabhairt ar aird. Thug an Bord faoi deara an ullmhacht don chéad straitéis eile agus an gá atá le bearta nó príomhtháscairí feidhmíochta a chur ar áireamh mar chuid d'fhorbairt na straitéise sin. Maidir leis an tuarascáil deiridh a thiocfaidh as obair leanúnach an athbhreithnithe piaraí, rud a bhfuiltear ag súil leis roimh dheireadh mhí Aibreáin, agus maidir leis an suirbhé críochnaithe ar gheallsealbhóirí, beidh sé mar bhonn eolais don chéad ráiteas straitéise eile don Oifig, agus an tréimhse ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2025 á cumhdach. Thug an Bord faoi deara an gá atá le páirt a thabhairt don fhoireann sa straitéis a chruthú agus a fhorbairt agus le dul i gcomhairle freisin leis an bhfoireann a luaithe a bheidh dréachtstraitéis ina leith réidh le hathbhreithniú.

11. Nóta faoi dhiúscairt thaifid na hOifige (Páipéar 5)

Thug an Bord faoi deara an togra beartais agus an t-údarás a fuair an Oifig ón gCartlann Náisiúnta le haghaidh taifead ar leith a dhiúscairt. Mhol an Bord go ndéanfaí stocáireamh ar na taifid sa tsaoir i bhFionnghlas chun na nithe seo a leanas a fháil amach:

- na tréimhsí lena mbaineann na doiciméid atá á gcoimeád faoi láthair
- cé na comhaid atá níos sine ná 30 bliain d'aois ná nó atá ag druidim leis an aois sin, agus cé acu ba cheart nó nár cheart iarratas a dhéanamh ar dheimhnithe coinneála
- cé na comhaid atá le teacht leis an gcinneadh maidir le scríosadh/coinneáil
- aon aimhrialtachtaí i seicheamhú na gcomhad.

Thug an Bord faoi deara roinnt nithe ar nós thúsphointe na tréimhse coinneála a bhí le socrú, e.g., ó dháta an deimhnithe iniúchta nó ó dháta na diúscartha ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí. Toisc gur ón mbliain 1992 i leith a bhí an tréimhse diúscartha a cumhdaíodh san údarú ón gCartlann Náisiúnta, bheadh cinneadh le déanamh sa bhliain 2022 ar na comhaid a bhí le coinneáil ar feadh 30 bliain a scríosadh nó a choinneáil. D'fhiafraigh an Bord an raibh tréimhse coinneála níos giorra ann maidir le hiniúchtaí ar chomhlachtaí trasteorann. Cheadaigh an Bord an togra, faoi réir an beartas a athrú chun dáta chun nóta sonrach a chur ar áireamh maidir le comhaid a choinneáil ar nochtadh cosanta agus ar sceithirí. Ba cheart an beartas (leasaithe) a chur ar ais chuig an mBord lena cheadú sula gcuirfí i bhfeidhm é.

12. Aon ghnó eile

Ghlac an Bord le socruithe a dhéanamh le haghaidh dátaí dhá chruinniú eile don bhliain go luath i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna sna laethanta amach romhainn agus gheall an

Leas-Stiúrthóir go bpléifí míreanna seasta ar an gclár oibre agus sceideal tuairiscithe bhliantúil don Bhord leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tar éis an chruinnithe.